Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14376/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0372 (CNS)**

**AG 109**
**INST 426**
**PE 115**
**FREMP 278**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 732 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 732 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 732 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 732 final

2021/0372 (CNS)

Togra le haghaidh

**TREOIR ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)**

{COM(2021) 733 final} - {SEC(2021) 576 final} - {SWD(2021) 357 final} - {SWD(2021) 358 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir le saoránaigh shoghluaiste den Aontas a gcearta maidir le saoránacht an Aontais a fheidhmiú go hiomlán i gcomhthéacs na gcéad toghchán eile do Pharlaimint na hEorpa.

Tá an daonlathas ar cheann de na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe. Tá sé de cheart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais agus is ar bhealach chomh hoscailte agus chomh gar agus is féidir don saoránach a bheidh na cinntí. Tá ionadaíocht dhíreach ag saoránaigh an Aontais i bParlaimint na hEorpa.

Bíonn cearta daonlathacha ar leith i gceist le saoránacht an Aontais. Saoránaigh den Aontas Eorpach a d'fheidhmigh a gceart chun cónaí, obair nó staidéar a dhéanamh i mBallstát nach náisiúnach dá chuid iad ('saoránaigh shoghluaiste den Aontas') tá sé de cheart acu vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe.

I dTreoir 93/109/CE ón gComhairle leagtar síos na socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú a gceart toghchánach i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstáit chónaithe.

I dTuarascáil ar Shaoránacht AE 2020[1], chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé ar intinn aige nuashonrú ar Threoir 93/109/CE ón gComhairle a mholadh maidir leis an gceart atá ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas chun vótáil agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Is éard is aidhm dó sin soláthar faisnéise do shaoránaigh a éascú agus feabhas a chur ar mhalartú na faisnéise ábhartha idir na Ballstáit, lena n-áirítear roinnt vótaí a chosc. I gClár Oibre an Choimisiúin do 2021, fógraíodh tionscnamh reachtach chun na cearta toghchánacha atá ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas a fheabhsú.

D'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair, tá deacrachtaí fós ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas a gcearta toghchánacha a fheidhmiú i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. I measc na bhfadhbanna tá deacrachtaí maidir le faisnéis cheart a fháil faoin mbealach vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir, próisis troma clárúcháin, agus an éifeacht a bhaineann le díchlárú ó thoghcháin sa Bhallstát tionscnaimh. Go sonrach, tá bac á chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit faoi vótálaithe cláraithe agus iarrthóirí chun cosc a chur ar ilvótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa mar gheall ar raon feidhme neamhréireach agus ar spriocdhátaí do mhalartú agus bailiú sonraí.

Leis an tionscnamh seo déantar na rialacha atá ann cheana a nuashonrú, a shoiléiriú agus a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas, agus é mar aidhm leis rannpháirtíocht leathan chuimsitheach a áirithiú sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2024, tacú le saoránaigh shoghluaiste den Aontas i bhfeidhmiú a gceart agus sláine na dtoghchán a chosaint.

Cuireann an togra seo le malartuithe seanbhunaithe rialta le húdaráis inniúla na mBallstát trí ghrúpa cur chun feidhme tiomnaithe an Choimisiúin do na treoracha, tríd an sainghrúpa maidir le cúrsaí toghcháin, agus dhá chruinniú chomhpháirteacha bhreise de chuid an Líonra Ildisciplíneach Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin agus an ghrúpa saineolaithe ar chúrsaí toghcháin.

Is tionscnamh é seo faoin gclár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

[1] COM/2020/730 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0730 .

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tosaíocht de chuid an Choimisiúin is ea Brú Nua don Daonlathas Eorpach mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin 2019-2024[2].
Leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach um Dhaonlathas[3] a chuir an Coimisiún i láthair an 3 Nollaig 2020, fógraíodh rún an Choimisiúin cosaint na bpróiseas toghchánach a threisiú agus sásra oibríochtúil nua de chuid an Aontais a mholadh chun comhar idir na Ballstáit agus údaráis rialála a neartú. Tá na bearta go léir a mholtar comhleanúnach leis na cuspóirí lena spreagtar Cinneadh 2018/994 ón gComhairle maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhlí toghcháin an Aontais.
Tá dlúthbhaint ag an tionscnamh seo freisin leis an togra chun Treoir 94/80/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1994[4] a athmhúnlú agus leis an obair atá á déanamh ar na tionscnaimh eile sa phacáiste trédhearcachta agus daonlathais i gClár Oibre an Choimisiúin 2021. Beidh Teachtaireacht ag gabháil leis an tionscnamh seo freisin ina bhfuil sé d'aidhm amháin tacú le rannpháirtíocht toghchánach saoránach soghluaiste den Aontas.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirithítear leis an togra comhsheasmhacht le Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Tairseach Aonair Dhigiteach[5] i ndáil le rochtain ar fhaisnéis ardcháilíochta a mhéid a bhaineann le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le saoránaigh atá ag feidhmiú a gceart, nó a bhfuil rún acu na cearta sin a fheidhmiú, cearta atá díorthaithe ó dhlí an Aontais i réimse an mhargaidh inmheánaigh, agus comhsheasmhacht leis an straitéis 'Aontas Comhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030'[6] lena bhféachtar le cearta polaitiúla a ráthú do dhaoine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile[7]. Comhlánaíonn sé freisin beartais eile de chuid an Aontais a bhaineann leis an daonlathas agus leis an saol digiteach[8]. Trí rochtain chomhionann ar réitigh vótála leictreonacha nó ar líne a lorg do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas, tá sé d'aidhm ag an togra cosaint níos fearr a thabhairt dá gcearta bunúsacha, agus cuireann sé feabhas ar an rannpháirtíocht dhaonlathach fhoriomlán.
Tá an tionscnamh comhsheasmhach le reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Bunaítear saoránacht an Aontais le hAirteagal 20 CFAE. Foráiltear le hAirteagal 20(2)(b) agus le hAirteagal 22(2) CFAE agus le hAirteagal 39 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go bhfuil an ceart ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe, faoi na coinníollacha

---

2 political-guidelines-next-commission_en_0.pdf (europa.eu).

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach COM(2020) 790 final.

4 Treoir 94/80/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1994 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótála agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ag saoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad.

5 EUR-Lex - 32018R1724 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

6 EUR-Lex - 52021DC0101 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

7 Féach freisin Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ar páirtithe ann iad an tAontas Eorpach agus na Ballstáit.

8 Féach an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, COM/2020/790 final.

céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Foráiltear le hAirteagal 22 CFAE go mbeidh feidhmiú an chirt sin faoi réir socruithe mionsonraithe arna nglacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

I dTreoir 93/109/CE ón gComhairle leagtar síos na socruithe mionsonraithe sin maidir le feidhmiú na gceart toghchánach i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá cearta toghchánacha na saoránach soghluaiste den Aontas chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa leagtha síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Tá idirghníomhaíocht idir rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta i gceist leis an gcreat dlíthiúil maidir le feidhmiú chearta toghchánacha ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas. Gníomhaíonn an tAontas chun prionsabal an Chonartha lena mbunaítear cearta toghchánacha do shaoránaigh soghluaiste den Aontas a chur chun feidhme, go háirithe trí Threoir 93/109/CE ón gComhairle.

Ós rud é nach féidir le Ballstáit aonair aghaidh a thabhairt ar chúrsaí trasteorann, ní féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a aithnítear agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir comhchaighdeáin agus nósanna imeachta a chur ar fáil don cheart atá ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus maidir le malartú faisnéise faoi na vótálaithe agus na hiarrthóirí ábhartha chun cosc a chur ar ilvótáil.

- **Comhréireacht**

Ní théann na bearta spriocdhírithe atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir fadtéarmach a bhaint amach maidir le daonlathas an Aontais a fhorbairt agus a neartú. Leis na bearta, feabhsaítear agus beachtaítear an creat lena rialaítear an chaoi a bhfeidhmíonn saoránaigh shoghluaiste den Aontais na cearta toghchánacha a dheonaítear faoi na Conarthaí, agus is fearr a thugtar aghaidh ar an iliomad vótála i gcomhthéacs na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa trí fheabhas a chur ar an gcóras malartaithe faisnéise atá ann faoi láthair. Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta, dá bhrí sin.

- **An rogha ionstraime**

Tá sraith láidir noirm sa Treoir ón gComhairle cheana féin maidir leis na caighdeáin agus na nósanna imeachta d'fheidhmiú na gceart toghchánach ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas. Tá sé i gceist leis an togra seo athruithe spriocdhírithe a chur ar fáil ar an Treoir sin ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh agus bacainní sainaitheanta áirithe a bhíonn ag na Ballstáit agus ag saoránaigh. I bhfianaise a riachtanaí atá sé teanga a thabhairt cothrom le dáta, tagairtí agus forálacha atá imithe i léig, is iomchuí an Treoir ón gComhairle a athmhúnlú. Ós rud é go bhfuil an togra seo chun an Treoir ón gComhairle a athmhúnlú, is é an cineál ionstraime dlí céanna is oiriúnaí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuireadh maolú ar an bprionsabal 'meastóireachta ar dtús' i bhfeidhm agus é á chur san áireamh gur ann do thuarascálacha a d'eisigh an Coimisiún le déanaí. Is léir ó fhianaise gur gá Treoir 93/109/CE[9] a thabhairt cothrom le dáta, agus meastar gur leor sin don chéim mheastóireachta. Ar deireadh, áirítear freisin sa staidéar seachtrach a ullmhaíodh chun tacú leis an measúnú tionchair gnéithe den mheastóireacht ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana[10].

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra seo á ullmhú, bhí an Coimisiún i ndlúthchaidreamh agus i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Tá an togra bunaithe, i measc nithe eile, ar chomhairliúchán poiblí oscailte[11] le saoránaigh, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha, staidéir ábhartha lena n-áirítear ón Líonra Acadúil maidir le Cearta Saoránachta an Aontais[12], agus torthaí staidéir sheachtraigh a ullmhaíodh chun tacú le measúnú tionchair a rinneadh roimh an togra[13]. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh ann aiseolas a fuarthas ó chomhairliúcháin thiomnaithe le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ó shaoránaigh shoghluaiste den Aontas[14], ón Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin[15] agus ón sainghrúpa maidir le cúrsaí toghcháin[16].

---

9 Tuarascáil ar thoghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa agus Tuarascáil ar Shaoránacht 2020. Leasaíodh an Treoir aon uair amháin freisin (Treoir 2013/1/AE ón gComhairle an 20 Nollaig 2012.

10 Staidéar a rinneadh in 2021 chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú ar thionscnamh beartais de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach saoránach soghluaiste den Aontas i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhardasacha san Eoraip https://ec.europa.eu/info/files/study-preparation-impact-assessment-electoral-directives agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo https://ec.europa.eu/info/files/annexes-study-preparation-impact-assessment-electoral-directives.

11 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12684-Inclusive-EU-Parliament-elections-supporting-EU-citizens-right-to-vote-and-stand-as-candidates-in-another-EU-country/public-consultation_en.

12 'Rannpháirtíocht pholaitiúil saoránach soghluaiste den Aontas ó staidéir phíolótacha ar an Ostair, ar an mBeilg, ar an mBulgáir, ar an nGearmáin, ar an nGréig, ar an Ungáir, ar Éirinn agus ar an bPolainn'.

13 Staidéar a rinneadh in 2021 chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú ar thionscnamh beartais de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach saoránach soghluaiste den Aontas i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhardasacha san Eoraip https://ec.europa.eu/info/files/study-preparation-impact-assessment-electoral-directives agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo https://ec.europa.eu/info/files/annexes-study-preparation-impact-assessment-electoral-directives

14 D'fhonn tacú leis an staidéar foluiteach, rinneadh suirbhé spriocdhírithe ar líne ar shaoránaigh shoghluaiste den Aontas chun meastóireacht a dhéanamh ar thaithí saoránach soghluaiste den Aontas maidir le páirt a ghlacadh sa pholaitíocht ina mBallstát cónaithe, chomh maith leis an éagsúlacht tosca a imríonn tionchar ar a rannpháirtíocht.

15 Tionscnaíodh an Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin in 2019. Tugann sé le chéile ionadaithe údaráis na mBallstát a bhfuil inniúlacht acu i gcúrsaí toghcháin, agus is féidir malartuithe nithiúla, praiticiúla a bheith ann maidir le raon ábhar atá ábhartha chun toghcháin shaora agus chothroma a áirithiú, lena n-áirítear cosaint sonraí, cibearshlándáil, trédhearcacht agus múscailt feasachta. Tuilleadh sonraí le fáil ag An Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

16 Bunaíodh an Grúpa Saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin in 2005. Is é an misean atá aici: dlúthchomhar a bhunú idir institiúidí na mBallstát agus an Coimisiún maidir le saincheisteanna a bhaineann le toghcháin; cuidiú leis an gCoimisiún trí fhaisnéis agus comhairle a chur ar fáil maidir le staid na gceart toghchánach laistigh den

Comhlánaíodh an méid sin le conclúidí ó thionscadail ábhartha a maoiníodh faoi na cláir Cearta, Comhionannas agus Saoránacht[17] agus an Eoraip ar son na Saoránach[18] agus le haiseolas díreach a fuair an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ó shaoránaigh den Aontas.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas ó fhoinsí saineolais. Is éard a bhí sna foinsí faisnéise sin comhairliúcháin le grúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le cúrsaí toghcháin agus leis an Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin.
Reáchtáladh dhá chruinniú chomhpháirteacha den Líonra Eorpach um Chomhar maidir le Toghcháin agus den ghrúpa saineolaithe maidir le cúrsaí toghcháin an 28 Eanáir 2021 agus an 10 Meitheamh 2021. Pléadh pointí a pléadh sa dá chruinniú chomhpháirteacha sin cheana féin i gcruinnithe roimhe seo agus rinneadh anailís fhairsing orthu i dtuarascáil an Choimisiúin maidir leis na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa in 2019[19].

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair (SWD(2021) 357) ina thaca ag an togra seo. I bhfianaise na gcosúlachtaí idir Treoir 93/109/CE ón gComhairle agus Treoir 94/80/CE ón gComhairle i dtéarmaí na bpríomhthairbhithe (saoránaigh shoghluaiste den Aontas) agus na gceart arna ndeonú agus na gceanglas gaolmhar do na Ballstáit, rinneadh measúnú in aon doiciméad amháin ar na féidearthachtaí chun feabhas a chur orthu féin agus ar a bhfeidhmiú. D’eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach ar an measúnú tionchair (SEC(2021) 576).
Rinneadh scrúdú sa mheasúnú tionchair ar dhá rogha mhalartacha beartais chun dul i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh. Cuirtear i láthair sna roghanna beartais raon de bhearta féideartha a mheastar chun feabhas a chur ar fheidhmiú na gceart toghchánach, agus chun tacú le próiseas toghcháin cothrom trí aghaidh a thabhairt ar shaincheist na hilvótála. Go sonrach, i measc na roghanna beartais sin tá bearta boga, neamhreachtacha chun tacú le múscailt feasachta agus comhar riaracháin feabhsaithe, agus comhchaighdeáin a leagan síos le haghaidh nósanna imeachta chun saoránaigh shoghluaiste den Aontas a chlárú agus malartú sonraí chun ilvótáil a chosc. Foráiltear le Rogha 1 leasuithe reachtacha spriocdhírithe agus bearta boga. Is é an aidhm atá ann forálacha reatha na Treorach ón gComhairle a chomhdhlúthú agus a shoiléiriú.
Foráiltear le Rogha 2 d’idirghabháil fhorleathan reachtach. Agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe á urramú mar bhonn na Treorach, tá sé mar aidhm ag an dara rogha beartais athchóiriú cuimsitheach ar an Treoir a chur i bhfeidhm, mar shampla, trí cheanglais dlí a leagan síos maidir leis na teorainneacha ama don chlárú. Rinneadh grinnscrúdú ar na roghanna maidir lena n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht agus a gcomhleanúnachas le beartais eile an Aontais agus maidir le coimhdeacht agus comhréireacht. Meastar gurb í rogha 2 an rogha is éifeachtaí chun na cuspóirí beartaithe go léir a bhaint amach. Mar sin féin, is í Rogha 1 an rogha thosaíochta ar chúiseanna éifeachtúlachta, comhleanúnachais agus coimhdeachta agus comhréireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá roinnt costas i gceist leis an togra d’údaráis riaracháin na mBallstát agus an Aontais a eascraíonn as comhar méadaithe, ach meastar freisin go n-éascóidh sé éifeachtúlachtaí do na

Aontas Eorpach agus de na Ballstáit; agus malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtas sa réimse sin a éascú. Clár ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus eintiteas comhchosúil eile (europa.eu)

17 https://ec.europa.eu/justice/grants1/programmes-2014-2020/rec/index_en.htm .
18 https://ec.europa.eu/info/departments/justice-and-consumers/justice-and-consumers-funding-tenders/funding-programmes/previous-programmes-2014-2020/europe-citizens-efc_en .
19 COM(2020) 252 final.

húdaráis i ngeall ar phróisis chomhchuibhithe. Ina theannta sin, tá córais i bhfeidhm cheana féin ag roinnt Ballstát lena gcumhdaítear na hoibleagáidí atá beartaithe agus ní bheadh costais shuntasacha bhreise i gceist leo dá bhrí sin.

Déanann an togra simpliú ar an bpróiseas chun clárú chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin Eorpacha do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas. Laghdódh sé a gcostais freisin i gcomparáid leis an *status quo*, agus ní dhéanfaí aon athruithe ar na forálacha atá ann faoi láthair.

Faoin togra, níor sainaithníodh aon tionchar diúltach eacnamaíoch a d'eascair as lánpháirtiú agus rannpháirtíocht dhaonlathach saoránach soghluaiste den Aontas ina mBallstát óstach. Trí cheanglais chlárúcháin a shimpliú agus trí fheabhas a chur ar sholáthar faisnéise agus ar fheasacht maidir le vótáil do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas, táthar ag súil nach mbeidh ach tionchar indíreach eacnamaíoch níos leithne ag an simpliú sin sa mhéid go dtacaíonn sé leis an tsaorghluaiseacht.

Beartaítear leis an togra go mbeidh rochtain chomhionann ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas ar dheiseanna cianvótála agus leictreonacha, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin. Éascaíonn cianfhéidearthachtaí vótála rannpháirtíocht saoránach soghluaiste den Aontas sa toghchán.

Tacaíonn an togra le barrfheabhsú na huirlise teicniúla chun sonraí faoi vótálaithe cláraithe idir na Ballstáit a mhalartú. D'áireofaí leis sin go príomha cur chuige foirmiúil maidir leis an gcóras lena dtacaítear le malartú sonraí a cuireadh i ngníomh tríd an uirlis chriptithe arna soláthar ag an gCoimisiún, trí thagairtí follasacha a thabhairt isteach dó i dTreoir 93/109/CE ón gComhairle. Dhéanfaí an próiseas iomlán tarchuir arna éascú leis an uirlis chriptithe a neartú tuilleadh trí tharchur slán sonraí idir na Ballstáit, lena n-áirítear i gcás amhrais faoi chásanna ar leith. Tríd an méid sin a dhéanamh, éascaíonn an togra na cúraimí riaracháin agus na nósanna imeachta a bhaineann le TFC d'údaráis riaracháin na mBallstát mar phríomhpháirtithe leasmhara.

Dá bhrí sin, tá gnéithe digiteacha an togra comhsheasmhach leis an 'Seiceáil Dhigiteach'[20].

- **Cearta bunúsacha**

Déantar foráil in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go bhfuil an tAontas 'fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.'

Foráiltear in Airteagal 10(1) agus (2) CAE go mbeidh '*oibriú an Aontais fothaithe ar an daonlathas ionadaíoch*' agus '*go ndéantar ionadaíocht ar na saoránaigh go díreach ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa*'.

Luaitear in Airteagal 26 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go n-aithníonn agus go n-urramaíonn an tAontas an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as bearta atá ceaptha chun a neamhspleáchas, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú.

Saothraíonn an togra seo cuspóirí na bhforálacha sin, agus dá bhrí sin tá sé comhoiriúnach leis na cearta bunúsacha a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus tugann sé éifeacht dóibh.

Cuireann an togra seo le saorghluaiseacht saoránach den Aontas (Airteagal 45 den Chairt). Tacaíonn sé freisin le cóir chomhionann agus deiseanna vótála i gcomparáid le náisiúnaigh ina mBallstát cónaithe. Thairis sin, feabhsaíonn sé an ceart chun vótáil agus chun seasamh

[20] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/file_import/better-regulation-toolbox-27_en_0.pdf

mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Airteagal 39 den Chairt) agus a gceart chun dea-riaracháin (Airteagal 41).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuireann an togra seo aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas Eorpach. Níl aon tionchar aige, dá bhrí sin, ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, ní mór do na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Bealtaine 2023. Sé mhí tar éis gach toghcháin chuig Parlaimint na hEorpa, ní mór do na Ballstáit tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo a chur chuig an gCoimisiún. Laistigh de bhliain amháin tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ní mór don Choimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Féadfaidh an Coimisiún aon leasú a mholadh a mheasann sé is gá. Laistigh de dhá bhliain tar éis thoghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an Coimisiún a mheastóireacht féin ar fheidhmíocht na Treorach, d'fhonn comhdhlúthú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhailítear ó thuarascálacha na mBallstát agus ó chruinnithe an líonra Eorpaigh um chomhar maidir leis na toghcháin.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Ina breithiúnas an 8 Iúil 2019[21] agus ina cásdlí breise[22], shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais nach mór do na Ballstáit, agus bearta náisiúnta trasuímh á gcur in iúl don Choimisiún acu, faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a chur ar fáil, agus an fhoráil náisiúnta nó na forálacha náisiúnta lena n-áirithítear go ndéanfar í nó iad a thrasuí a shainaithint do gach foráil den treoir.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní thugtar mínithe ach ar fhorálacha na Treorach ón gComhairle a bhfuil sé beartaithe iad a athrú leis an togra seo.
1. Chun rochtain ar fhaisnéis toghcháin a éascú do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas, leagtar síos caighdeáin níos airde in Airteagal 12 chun faisnéis toghcháin a chur ar fáil do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas. Leis an togra, ceanglaítear ar na Ballstáit údaráis a cheapadh a chuirfidh in iúl go réamhghníomhach do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a chónaíonn ar a gcríoch faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe le haghaidh clárú mar vótálaí nó mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, roimh a gclárú agus ina dhiaidh, chun críocha toghcháin nó chun na críche a leagtar amach i dTreoir 2004/38/CE. D'fhéadfadh soláthar faisnéise agus úsáid na modhanna cumarsáide arna n-oiriúnú do ghrúpaí vótálaithe sonracha amhail vótálaithe óga a bheith i gceist leis sin freisin.

21 An Coimisiún v an Bheilg, C-543/17.
22 Féach breithiúnais i gCásanna an Choimisiúin v an Rómáin, C-549/18 agus an Coimisiún v Éire, C-550/18.

Agus é mar aidhm feasacht agus tuiscint saoránach soghluaiste den Aontas a mhéadú maidir le nósanna imeachta agus cleachtais chun clárú agus chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, foráiltear leis an airteagal céanna go mbeidh oibleagáid ar údaráis arna gceapadh ag na Ballstáit faisnéis shonrach agus shaincheaptha a chur ar fáil do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a cláraíodh mar vótálaithe nó mar iarrthóirí, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) stádas a gcláraithe;

(b) dáta an toghcháin agus conas vótáil agus cén áit;

(c) na rialacha ábhartha maidir le cearta agus oibleagáidí na vótálaithe agus na n-iarrthóirí, lena n-áirítear toirmisc agus neamh-chomhoiriúnachtaí agus smachtbhannaí is infheidhme i gcás sárú rialacha toghcháin;

(d) bealaí chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le heagrú an toghcháin lena n-áirítear liosta na n-iarrthóirí.

Faoi Rialachán (AE) 2018/1724, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag úsáideoirí ar a leathanaigh ghréasáin náisiúnta ar fhaisnéis atá soláimhsithe, cruinn, nuashonraithe agus cuimsitheach go leor maidir le páirt a ghlacadh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Úsáideann na Ballstáit modhanna agus bealaí cumarsáide éagsúla. Dá bhrí sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú, beartaítear leis an tionscnamh na ceanglais cháilíochta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1724 a leathnú dá réir chun go soláthróidh na Ballstáit faisnéis oifigiúil toghcháin go díreach agus go leithleach do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas.

Chun inrochtaineacht a mhéadú agus chun feabhas a chur ar na leibhéil faisnéise, beidh ar na Ballstáit teanga oifigiúil an Bhallstáit chónaithe a úsáid mar aon le teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil tuiscint leathan uirthi ag an líon is mó is féidir de shaoránaigh den Aontais a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch. Beidh na Ballstáit in ann brath ar an tairseach An Eoraip Agatsa freisin. Mar aon leis an bhfaisnéis teagmhála a thugtar isteach le leasuithe ar na sonraí a theastaíonn ó shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a chur isteach chun clárú mar vótálaithe agus mar iarrthóirí, cuirfidh sé sin ar chumas na mBallstát bealaí leictreonacha a úsáid chun faisnéis a chur in iúl go díreach. Chun rannpháirtíocht chuimsitheach toghcháin a áirithiú, leagtar síos leis an tionscnamh freisin ceanglais inrochtaineachta don fhaisnéis a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta, agus é mar fhoinse inspioráide aige tuairimí ginearálta Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas maidir le hAirteagal 21 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

2. D'fhonn na bacainní riaracháin a bhíonn roimh shaoránaigh shoghluaiste den Aontas a laghdú, tugtar isteach leis an togra (Airteagail 9 agus 10) teimpléid chaighdeánaithe le haghaidh na ndearbhuithe foirmiúla, dearbhuithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus II, ar gá do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas iad a chur ar fáil chun clárú mar vótálaithe agus mar iarrthóirí. Chun sainaithint saoránach soghluaiste den Aontas a éascú, i gcomhréir le prionsabal an chruinnis a leagtar amach in Airteagal 5(1)(d) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, cuirtear leis na sonraí reatha an uimhir aitheantais phearsanta arna heisiúint ag an mBallstát baile (más infheidhme) nó mar mhalairt air sin an cineál doiciméid aitheantais nó doiciméid taistil arna eisiúint ag an mBallstát baile agus an tsraithuimhir a ghabhann leis. Beidh faisnéis teagmhála sna foirmeacha freisin, ionas gur féidir leis na Ballstáit a n-oibleagáid a chomhlíonadh maidir le faisnéis a thabhairt. Ós rud é go bhfoilseofar na hiarscríbhinní a ghabhann leis na Treoracha in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, beidh siad ar fáil do shaoránaigh agus d'údaráis náisiúnta araon i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

3. Is éard is aidhm do leasuithe ar Airteagal 13 cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcóras malartaithe faisnéise atá ann faoi láthair maidir le cearta toghchánacha saoránach soghluaiste den Aontas. Áirítear ar na bearta a dhéanfar chun na críche sin tacar uathúil sonraí a chur ar

bun, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, lena n-áireofar, sa bhreis ar na sonraí a mhalartaítear faoi láthair, an uimhir aitheantais phearsanta arna heisiúint ag an mBallstát baile (i gcás inarb infheidhme) nó cineál an doiciméid aitheantais nó an doiciméid taistil, agus an dáta clárúcháin. Ina theannta sin, déantar tagairt go sainráite sna leasuithe do na modhanna leictreonacha a chuireann an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit chun tacú le slándáil an mhalartaithe sonraí. Cuireann an t-airteagal céanna teorainn leis an scóip chun saoránaigh shoghluaiste den Aontas a chlárú ar rollaí toghthóirí agus ar liosta na n-iarrthóirí sa Bhallstát óstach amháin do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, rud a chuireann cosc ar dhíchlárú ó thoghcháin eile. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na freagrachtaí agus na hoibleagáidí maidir le hoibriú na huirlise sláine a shainmhíniú, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19.

4. Tugtar isteach le hAirteagal 17 faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme ag na Ballstáit. Beidh sonraí staidrimh ábhartha sna tuarascálacha maidir le rannpháirtíocht saoránach soghluaiste den Aontas, mar vótálaithe nó mar iarrthóirí, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. D'fhonn measúnú níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Treoir, beifear ag súil go gcuirfidh na Ballstáit feabhas ar a mbailiú sonraí maidir le líon na saoránach soghluaiste den Aontas atá cláraithe mar vótálaithe agus iarrthóirí, i gcás inarb infheidhme, agus maidir le líon na saoránach soghluaiste den Aontas a vótáil. Déantar foráil in Airteagal 18 maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach laistigh de dhá bhliain tar éis thoghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa.

5. Le hAirteagal 9, 10 agus 13 tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun a áirithiú go leanfar den fhaisnéis ábhartha a chuimsiú sna teimpléid de dhearbhuithe foirmiúla a chuireann saoránaigh shoghluaiste den Aontas isteach tráth a gcláraithe mar vótálaithe nó mar iarrthóirí agus mar thacar sonraí a mhalartófar idir na Ballstáit. Leagtar síos in Airteagal 20 coinníollacha an tarmligin i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE.

6. I gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, ceanglaítear le hAirteagal 14 ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh shoghluaiste den Aontas ar na modhanna céanna réamhvótála, vótála poist, vótála leictreonaí agus vótála idirlín, modhanna atá ar fáil dá náisiúnaigh féin i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

7. Leis an togra scriostar an téarma 'go huathoibríoch' ó Airteagal 9(4) i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí maidir leis na srianta ar chinnteoireacht uathoibrithe. Ina theannta sin, chun rochtain ar fhaisnéis faoi choinníollacha comhionanna lena náisiúnaigh a áirithiú, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt do shaoránaigh shoghluaiste den Aontas maidir lena mbaint den rolla toghthóirí, má tá an oibleagáid sin i bhfeidhm maidir lena náisiúnaigh féin.

8. Leis an aidhm chéanna chun feasacht saoránach soghluaiste den Aontas a mhéadú mar aon leis an rochtain atá acu ar chearta toghchánacha, cuireann leasuithe ar Airteagal 11 de cheangal ar na Ballstáit saoránaigh shoghluaiste den Aontas a chur ar an eolas go soiléir agus go tráthúil faoina gclárú agus faoina leigheasanna dlí má dhiúltaítear dá n-iarratas. Soiléiríonn sé freisin méid na hoibleagáide atá ar na Ballstáit tríd an téarma 'cinneadh' a chur in ionad 'gníomhaíocht'. Faoi mhír nua in Airteagal 11, déantar foráil do cheart na vótálaithe agus na n-iarrthóirí faoi raon feidhme Airteagal 3 den Treoir aon neamhréireacht nó earráid sna sonraí atá ar rollaí na dtoghthóirí nó i liostaí na n-iarrthóirí a cheartú faoi théarmaí comhchosúla le haghaidh náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh.

9. Beartaítear leis an togra freisin oiriúnuithe a dhéanamh ar an teanga atá as dáta agus tagairtí (Airteagal 2(5) agus (6), Airteagal 3(a), Airteagal 4(1) agus Airteagail 5, 8, 9, 10, 11 agus 16) trí thagairtí don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur in ionad na dtagairtí don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus trí theanga inscne-neodrach a úsáid.

10. I dteannta na leasuithe, scriostar Airteagal 15 toisc gur thagraigh an fhoráil sin do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa 1994.

11. Déantar foráil in Airteagal 21 maidir leis an Treoir a thrasuí faoin 31 Bealtaine 2023, i gcomhréir leis an treoir a thug Coimisiún na Veinéise i gComhairle na hEorpa.

🡻 93/109/CE (oiriúnaithe)

2021/0372 (CNS)

Togra le haghaidh

# TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

## lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar ⌦ fheidhmiú ⌫ ~~bhunú~~ an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal ~~8b~~ ⌦ 22 ⌫(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an méid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Threoir (AE) 93/109/CE ón gComhairle[23]. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.

🡻 93/109/CE aithris 1 (oiriúnaithe)

~~De bhrí gur céim nua sa síorphróiséas ionsar aontas buandlúite a chur ar bun idir pobail na hEorpa is ea an Conradh ar an Aontas Eorpach; de bhrí gur cúraim amháin a leagtar uirthi, ar dhóigh ina léirítear comhsheasmhacht agus dlúthpháirtíocht, an caidreamh idir pobail na mBallstát a eagrú; de bhrí go n-áirítear ina cuspóirí bunúsacha cosaint chearta agus leasanna náisiúnaigh a Bhallstát a threisiú trí shaoránacht an Aontais a thabhairt isteach;~~

🡻 93/109/CE aithris 2 (oiriúnaithe)

~~De bhrí chun na críche sin, le Teideal II den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a leasaíonn an Conradh ag bunú Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, d'fhonn an Comhphobal Eorpach a bhunú, tugtar isteach saoránacht de chuid an Aontais do náisiúnaigh na mBallstát go léir agus tugann sé, ar an mbonn sin, líon áirithe ceart do na náisiúnaigh sin.~~

[23] Treoir 93/109/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú cheart shaoránaigh an Aontais chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, ar saoránaigh iad a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (IO L 329., 30.12.1993, lch. 34).

⇩ nua

(2) Le hAirteagal 20(2), pointe (b) agus le hAirteagal 22(2) den Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) tugtar an ceart chun vótáil do shaoránaigh den Aontas, ar saoránaigh iad a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit nach náisiúnaigh dá chuid iad, agus an ceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit óstaigh. Tugann an ceart sin, ar ceart é a dhearbhaítear le hAirteagal 39 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), léiriú sonrach do phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe ar bhonn náisiúntachta a leagtar amach in Airteagal 21. Is atoradh é freisin ar an gceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (a) agus in Airteagal 21 CFAE agus in Airteagal 45 den Chairt.

(3) Le Treoir 93/109/CE ón gComhairle leagtar amach na socruithe sonracha lena rialaítear feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa

(4) Sa Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020 ón gCoimisiún[24], leag an Coimisiún béim ar an ngá atá leis na rialacha maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a nuashonrú, a shoiléiriú agus a neartú chun a áirithiú go gcuideoidh siad le rannpháirtíocht leathan chuimsitheach shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais. Agus an taithí a fuarthas as Treoir 93/109/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm ar thoghcháin leantacha agus na hathruithe a tugadh isteach leis na leasuithe ar na Conarthaí á gcur san áireamh, ba cheart roinnt forálacha ón Treoir sin a nuashonrú.

🡻 93/109/CE aithris 3 (oiriúnaithe)

~~De bhrí gur sampla d'fheidhmiú phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh agus gur atoradh den cheart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse, a chumhdaítear in Airteagal 8a den Chonradh sin, iad an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa sa Bhallstát cónaithe mar a leagtar síos in Airteagal 8b (2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;~~

🡻 93/109/CE aithris 4 (oiriúnaithe)

(5) ~~De bhrí go mbaineann~~ Tá Airteagal ~~8b~~ ⌦ 20 ⌫ (2) ⌦ CFAE ⌫ ~~de Chonradh CE leis an bhféidearthacht an ceart chun vótáil a fheidhmiú agus le seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Parlaimint na hEorpa,~~ gan dochar d'Airteagal ~~138 (3) de Chonradh CE~~ ⌦ 223(1) CFAE ⌫, a dhéanann foráil maidir le bunú rialacha aonfhoirmeacha i ngach Ballstát ⌦ i gcomhréir le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile ⌫ do na toghcháin sin~~; de bhrí go bhfuil sé mar aidhm aige go bunúsach deireadh a chur leis an gceanglas náisiúntachta nach mór a shásamh i bhformhór na mBallstát chun na cearta sin a fheidhmiú~~.

[24] https://ec.europa.eu/info/files/eu-citizenship-report-2020-empowering-citizens-and-protecting-their-rights_en

⇩ nua

(6) Chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad ('saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad') a gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh dá mBallstát óstach, ba cheart na coinníollacha lena rialaítear clárú agus rannpháirtíocht i dtoghcháin den sórt sin a shoiléiriú chun cóir chomhionann a áirithiú idir saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh iad agus saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad. Go háirithe, ba cheart cóir chomhionann a thabhairt do shaoránaigh den Aontas atá ag iarraidh vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ina mBallstát cónaithe a mhéid a bhaineann le haon tréimhse chónaithe atá le comhlíonadh mar choinníoll chun an ceart a fheidhmiú, agus na cruthúnais chun a léiriú go gcomhlíonann siad coinníoll den sórt sin.

🡻 93/109/CE aithris 5 (oiriúnaithe)

~~De bhrí nach ionann cur i bhfeidhm Airteagal 8b (2) de Chonradh CE le comhchuibhiú chóras toghchánaíochta na mBallstát; De bhrí, thairis sin, chun prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh mar a leagtar amach sa tríú mír d'Airteagal 3b den Conradh CE, níor cheart d'inneachar reachtaíocht an Chomhphobail sa réimse sin dul thar a bhfuil riachtanach chun cuspóir Airteagal 8b(2) de Chonradh CE a ghnóthú;~~

🡻 93/109/CE aithris 6 (oiriúnaithe)

~~De bhrí gurb é cuspóir Airteagal 8b (2) de Chonradh CE a áirithiú gur féidir le gach saoránach den Aontas a cheart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu, bídís ina náisiúnaigh den Bhallstát a bhfuil cónaí orthu nó ná bídís a gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa faoi na coinníollacha céanna; de bhrí gur cheart go mbeadh na coinníollacha a bhaineann le neamhnáisiúnaigh lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le tréimhse chónaithe agus le cruthúnas cónaithe mar a chéile leo siúd, más ann dóibh, a bhaineann le náisiúnaigh an Bhallstáit áirithe sin;~~

🡻 93/109/CE aithris 7 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(7) ~~De bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 8b (2) de Chonradh CE do cheart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát cónaithe, gan, mar sin féin, ionadaíocht a dhéanamh ar chearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát inar náisiúnach an Saoránach; de bhrí nach~~ Ní mór saoirse shaoránaigh an Aontais maidir le cén Ballstát ar mhaith leo bheith páirteach ann sna toghcháin ⌦ do Pharlaimint na hEorpa ⌫ ~~Eorpacha~~ a urramú, agus ~~cúram ar leith á dhéanamh lena chinntiú nach bhféadtar mí-úsáid a bhaint as an tsaoirse seo ag daoine i mbun vótála~~ ⇨ na bearta iomchuí chun a áirithiú nach féidir le duine ar bith níos mó ná vóta amháin a chaitheamh ⇦ nó ~~iad atá~~ ⌦ bheith ⌫ ina n-iarrthóirí i níos mó ná Ballstát amháin.

⇩nua

(8) I gcomhréir le caighdeáin Idirnáisiúnta agus Eorpacha, lena n-áirítear ceanglais an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus dlí an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, ba cheart do na Ballstáit an ceart atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a aithint agus a urramú, ní hamháin sin ach rochtain éasca ar a gcearta toghchánacha a áirithiú freisin tríd an oiread constaicí ar thoghcháin a bhaint agus is féidir.

(9) Chun feidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát cónaithe a éascú, ba cheart saoránaigh den sórt sin a chur leis an rolla toghthóirí in am trátha roimh lá na vótála. Ba cheart go mbeadh na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir lena gclárú chomh simplí agus is féidir. Ba cheart gur leor do na saoránaigh den Aontas lena mbaineann cárta aitheantais bailí agus dearbhú foirmiúil a sholáthar ina bhfuil gnéithe a thugann fianaise go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin. Nuair a bheidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cláraithe, ba cheart iad a fhágáil ar an rolla toghthóirí faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, fad is a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart do shaoránaigh den Aontas sonraí teagmhála a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, rud a chuirfidh ar chumas na n-institiúidí sin iad a choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta.

(10) Cé go bhfuil na Ballstáit inniúil ar an gceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chinneadh a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá gcríoch, níor cheart saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a bhaint den rolla toghthóirí ina mBallstát baile le haghaidh cineálacha eile toghcháin mar gheall gur cuireadh iad ar an rolla toghthóirí ina mBallstát cónaithe agus mar gheall ar an bhforas sin amháin.

(11) Chun a áirithiú go dtabharfar cóir chomhionann do shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá ag féachaint leis an gceart chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin ina mBallstát cónaithe a fheidhmiú, ba cheart é a bheith de cheangal ar shaoránaigh den sórt sin na doiciméid tacaíochta chéanna a chur ar fáil leo siúd ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad. Mar sin féin, chun a shuí gur tairbhithe iad saoránaigh den sórt sin ar an gceart sin a leagtar síos in Airteagal 20(2)(b) agus in Airteagal 22(2) CFAE, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheangal go gcuirfear dearbhú foirmiúil ar fáil ina bhfuil gnéithe is gá chun a chruthú go bhfuil sé i dteideal acu seasamh sna toghcháin i gceist.

(12) Chun sainaithint chruinn na vótálaithe agus na n-iarrthóirí atá cláraithe ina mBallstát baile agus ina mBallstát cónaithe araon a éascú, ba cheart go n-áireofaí le liosta na sonraí a iarrfar ar shaoránaigh den Aontas, agus iarratas chun dul isteach sna rollaí toghthóirí nó chun seasamh mar iarrthóirí ina mBallstát cónaithe á thíolacadh acu, uimhir aitheantais phearsanta nó sraithuimhir doiciméad aitheantais nó taistil bailí.

(13) Maidir le saoránaigh den Aontas ar baineadh a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí díobh, ar bhonn cinneadh aonair dlí sibhialta nó dlí coiriúil a ghlac an t-údarás inniúil, ba cheart cosc a chur orthu ón gceart sin a fheidhmiú ina mBallstát cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Nuair a fhaigheann na Ballstáit

iarratas ar chlárú mar vótálaí, féadfaidh siad dearbhú foirmiúil ina ndeimhneofar nár baineadh a gcearta chun vótáil díobh a iarraidh ar an saoránach i gceist. Nuair a sheasann saoránaigh den Aontas mar iarrthóirí ina dtír chónaithe, ba cheart a cheangal orthu ráiteas a chur ar fáil ina ndeimhneofar nár baineadh a gcearta chun seasamh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa díobh.

(14) Maidir le saoránaigh den Aontas a chuir in iúl gur mian leo seasamh i dtoghcháin, ba cheart go mbeadh na Ballstáit chónaithe in ann a sheiceáil ar baineadh an ceart sin díobh ina dtír bhaile. Nuair a fhaigheann Ballstát iarratas chuige sin ón mBallstát cónaithe, ba cheart dó an dearbhú is gá a chur ar fáil laistigh de theorainn ama a d'fhágfadh go mbeifí in ann measúnú éifeachtach a dhéanamh ar inghlacthacht na hiarrthóireachta. Na sonraí pearsanta a mhalartaítear, ní fhéadfar iad a phróiseáil ach chun na críche sin amháin. I bhfianaise thábhacht bhunúsach na gceart toghchánach, níor cheart go mbainfí an ceart chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát cónaithe a bhaint de shaoránach den Aontas mura gcuireann an Ballstát baile faisnéis thráthúil ar fáil maidir le stádas an tsaoránaigh sin. I gcásanna ina gcuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fáil tráth is faide anonn, ba cheart don Bhallstát cónaithe a áirithiú, trí bhearta iomchuí agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear lena dhlí náisiúnta, go gcuirfear cosc ar shaoránaigh den Aontas ar baineadh a gceart chun seasamh i dtoghchán ina mBallstát baile díobh agus a cláraíodh mar iarrthóirí nó a toghadh cheana féin, óna sainordú a fheidhmiú.

(15) Ós rud é go bhfuil níos mó céimeanna riaracháin i gceist leis an nós imeachta iarrthóireachta i mBallstát le haghaidh náisiúnach de Bhallstát eile ná mar atá le haghaidh náisiúnach den Bhallstát sin, níor cheart go mbeadh na Ballstáit in ann sprioc-am a leagan síos le hiarratas a dhéanamh chun seasamh mar iarrthóir le haghaidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a bheadh difriúil ón sprioc-am le haghaidh saoránaigh ar náisiúnaigh iad. Ba cheart go mbeadh aon difríocht sa sprioc-am teoranta don mhéid is riachtanach agus is comhréireach chun go mbeifí in ann fógra na faisnéise ón mBallstát baile a chur san áireamh in am trátha. Agus sprioc-am ar leithligh á shuí, níor cheart go ndéanfaí difear do sprioc-amanna maidir leis an oibleagáid atá ar Bhallstáit eile chun fógraí a dhéanamh de bhun na Treorach seo.

(16) Chun cosc a chur ar an ilvótáil nó ar ar chásanna ina seasfadh an duine céanna mar iarrthóir níos mó ná uair amháin sna toghcháin chéanna, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis a bhailítear ó na dearbhuithe foirmiúla a chuireann vótálaithe agus saoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ar fáil a mhalartú. Ós rud é go mbraitheann na Ballstáit ar shonraí difriúla chun saoránaigh a shainaithint, ba cheart tacar coiteann sonraí a bheartú chun vótálaithe de chuid an Aontais agus saoránaigh den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí a shainaithint go cruinn agus cosc a chur orthu vótáil nó seasamh mar iarrthóir níos mó ná uair amháin. Na sonraí pearsanta a mhalartaítear, ba cheart go mbeadh siad teoranta don mhéid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(17) An malartú faisnéise idir na Ballstáit chun cosc a chur ar an ilvótail nó ar chásanna ina seasfadh an duine céanna mar iarrthóir níos mó ná uair amháin sa toghchán céanna, níor cheart go gcuirfeadh an malartú sin cosc ar a gcuid náisiúnaigh vótáil nó seasamh mar iarrthóirí i gcineálacha eile toghcháin. Chun cumarsáid idir údaráis náisiúnta a éascú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit pointe teagmhála amháin a ainmniú don mhalartú faisnéise sin. D'fhorbair an Coimisiún uirlis shlán roimhe a bhí le húsáid ag na Ballstáit faoina bhfreagracht chun na sonraí ba ghá a mhalartú. Ba cheart an uirlis

shlán sin a ionchorpú sa Treoir seo, chun tacaíocht bhreise a thabhairt do mhalartuithe idir údaráis inniúla na mBallstát. Gníomhóidh na Ballstáit mar rialaitheoirí ar leithligh dá bpróiseáil sonraí pearsanta i dtaca leis seo.

(18) Chun freagrachtaí agus oibleagáidí a shainmhíniú maidir le hoibriú na huirlise sláine, i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26].

(19) Príomhghné chun feidhmiú éifeachtach an chirt a chumhdaítear in Airteagal 20(2), pointe (b) agus in Airteagal 22(2) CFAE a áirithiú is ea inrochtaineacht ar fhaisnéis maidir le cearta agus nósanna imeachta toghchánacha.

(20) Déanann an easpa faisnéis leormhaith difear, i gcomhthéacs nósanna imeachta toghchánacha, do shaoránaigh agus iad ag feidhmiú a gcearta toghchánacha mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Déanann sé difear freisin d'inniúlacht na n-údarás inniúil chun a gcearta a fheidhmiú agus a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit údaráis a ainmniú a mbeadh freagrachtaí speisialta acu chun faisnéis iomchuí a chur ar fáil do shaoránaigh den Aontas maidir lena gcearta faoi Airteagal 20(2), pointe (b), agus faoi Airteagal 22(2) CFAE agus faoi na rialacha agus na nósanna imeachta náisiúnta a bhaineann le rannpháirtíocht i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus le na n-eagrú. Chun éifeachtacht na cumarsáide a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil i dtéarmaí soiléire agus sothuigthe.

(21) Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise toghchánaí, ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil i gceann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, ar teanga í a mbeadh tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas is féidir a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch. Féadfaidh na Ballstáit teangacha oifigiúla difriúla de chuid an Aontais a úsáid i gcodanna sonracha dá gcríoch nó dá gcuid réigiún ag brath ar an teanga a mbeadh tuiscint ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ann.

---

| ↓ 93/109/CE aithris 8 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

(22) Caithfidh gá a bheith le haon mhaolú ó rialacha ginearálta na Treorach seo, de bhun Airteagal ~~8b~~ ⌦ 22 ⌫ (2) ~~de Chonradh CE~~ CFAE, mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann go sonrach le Ballstát ⇨ agus caithfidh sé bheith i gcomhréir le ceanglais Airteagal 52 den Chairt, lena n-áirítear go bhforáilfear leis an dlí d'aon teorainn le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do

[25] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[26] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Pharlaimint na hEorpa agus go gcuirfear faoi réir phrionsabail na comhréireachta agus an riachtanais iad ⇦. ⌦ Ina theannta sin, ⌫ caithfidh aon mhaolú ~~, de bharr a chineáil,~~ a bheith faoi réir athbhreithnithe ⌦ dá bhforáiltear le hAirteagal 47 den Chairt ⌫.

---

↓93/109/CE aithris 9 (oiriúnaithe)

(23) D'fhéadfadh fadhbanna sonracha den sórt sin teacht chun cinn i mBallstát ina bhfuil an sciar de na saoránaigh den Aontas atá in aois vótála, a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad, go mór thar an meán. Maoluithe ⌦ maidir leis an gceart chun vótáil, ⌫ ba cheart údar a bheith leo nuair is ionann líon na saoránach sin agus níos mó ná 20 % de chlár iomlán na dtoghthóirí~~; de bhrí nach mór na maoluithe sin a bheith~~ bunaithe ar chritéar tréimhse cónaithe;

---

↓ 93/109/CE aithris 10

~~De bhrí go mbeartaítear le saoránacht an Aontais a chumasú do shaoránaigh an Aontais comhtháthú níos fearr ina a dtíortha óstacha ar bhealach níos fearr agus go bhfuil sí sa chomhthéacs seo i gcomhréir le cuspóirí údar an Chonartha aon deighilt idir líon na náisiúnach agus na neamhnáisiúnach ar liostaí na n-iarrthóirí a sheachaint;~~

---

↓ 93/109/CE aithris 11 (oiriúnaithe)

(24) ~~De bhrí go mbaineann an riosca deighilte go sonrach le Ballstát~~ ⌦ Ballstáit ⌫ ina bhfuil sciar na saoránach ar neamhnáisiúnaigh iad in aois vótála thar 20 % de líon iomlán toghthóirí an Aontais in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ~~agus, mar sin go bhfuil sé tábhachtach go bhféadfaidh an Ballstát seo,~~ i gcomhréir le hAirteagal ~~8b den Chonradh seo,~~ ⌦ 22(2) CFAE ⌫ ba cheart go bhféadfadh sé forálacha sonracha maidir le comhdhéanamh liostaí na n-iarrthóirí a leagan síos.

---

↓ 93/109/CE aithris 12

(25) Is gá a chur san áireamh go bhfuil ceart chun vótáil i dtoghcháin don pharlaimint náisiúnta i mBallstáit áirithe ag cónaitheoirí ar náisiúnaigh Ballstát eile iad agus go bhféadfar forálacha áirithe den Treoir seo a fhágáil ar lár sna Ballstáit sin dá thoradh sin.

---

⇩nua

(26) D'fhéadfadh sonraí maidir le feidhmiú ceart agus cur chun feidhme na Treorach seo a bheith úsáideach chun na bearta is gá a shainaithint chun feidhmiú éifeachtach chearta toghchánacha na saoránach den Aontas a áirithiú. Chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, is gá faireachán agus tuairisciú rialta ar chur chun feidhme sna Ballstáit a thabhairt isteach. Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo, agus tuarascáil ina bhfuil measúnú den sórt sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, tar éis gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa.

(27) Is gá don Choimisiún a mheasúnú féin a dhéanamh de chur i bhfeidhm na Treorach seo laistigh de thréimhse ama réasúnta tar éis dhá thoghchán do Pharlaimint na hEorpa ar a laghad.

(28) Chun a áirithiú go leanfaidh na sonraí de bheith ábhartha, i gcomhthéacs saoránaigh den Aontas ag feidhmiú cearta toghchánacha, sna teimpléid de na dearbhuithe foirmiúla atá le tíolacadh ag saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá ag féachaint le vótáil nó seasamh i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na teimpléid sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(29) Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit, trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus ag an Aontas, tríd a thabhairt i gcrích[27], chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún sin. Chun tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach agus chomhionann daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin, ba cheart aird chuí a bheith ag na socruithe le haghaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad chun a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar riachtanais na saoránach faoi mhíchumas agus na saoránach níos sine.

(30) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear agus an Treoir seo á cur chun feidhme.

(31) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an XX XX 2022.

(32) Urramaítear leis an Treoir seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear, go háirithe, sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 agus 39 di. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear an Treoir seo chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin trína áirithiú go n-urramófar ina n-iomláine, inter alia, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun neamh-idirdhealú, an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, an tsaoirse gluaiseachta agus cónaithe agus an ceart chun leigheas éifeachtach.

---

[27] Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).

[28] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98).

(33) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.

(34) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a thrasuí sa dlí náisiúnta,

---

| ↓ 93/109/CE aithris 8 (oiriúnaithe) |
|---|

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## *FORÁLACHA GINEARÁLTA*

*Airteagal 1*

⌦ *Ábhar agus raon feidhme* ⌫

1. Leagtar síos leis an Treoir seo na socruithe mionsonraithe ina bhféadfaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Treoir seo aon difear d'fhorálacha gach Ballstáit maidir leis an gceart chun vótáil ná chun seasamh mar iarrthóir dá náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá thoghlach.

*Airteagal 2*

⌦ *Sainmhínithe* ⌫

Chun críocha na Treorach seo:

(1) Ciallaíonn 'toghcháin do Pharlaimint na hEorpa' toghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach do Pharlaimint Eorpach na bhFeisirí i gcomhréir leis an Ionstraim ⌦ maidir le toghchán fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach ⌫ ~~an 20 Meán Fómhair 1976~~ [29];

(2) Ciallaíonn 'toghlach' críoch Ballstáit, i gcomhréir leis an Ionstraim thuasluaite agus laistigh den chreat sin, i gcomhréir le dlí toghcháin an Bhallstáit sin, ina dtoghann muintir an Bhallstáit sin na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa;

(3) Ciallaíonn 'Ballstát cónaithe' Ballstát ina bhfuil cónaí ar shaoránach den Aontas ach nach náisiúnach dá chuid ~~é~~ ⌦ an saoránach den Aontas ⌫;

(4) ciallaíonn 'Ballstát baile' an Ballstát ar náisiúnach dá chuid saoránach den Aontas;

(5) Ciallaíonn 'vótálaí ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫' aon saoránach den Aontas atá i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa ~~ina~~ ⌦ sa ⌫ Bhallstát cónaithe i gcomhréir leis an Treoir seo;

---

[29] IO Uimh. L 278, 21. 8. 10. 1976, lch. 5.

(6) Ciallaíonn '~~náisiúnach Comhphobail~~ ⌦ saoránach den Aontas ⌫ atá i dteideal ~~bheith ina~~ ⌦ seasamh mar ⌫ iarrthóir' aon saoránach den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa ~~ina~~ ⌦ sa ⌫ Bhallstát cónaithe i gcomhréir leis an Treoir seo;

(7) Ciallaíonn 'rolla na dtoghthóirí'clár oifigiúil gach vótálaí atá i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghlach áirithe nó i ndúiche áirithe, ar clár é arna tharraingt suas agus arna choinneáil nuashonraithe ag an údarás inniúil faoi dhlí toghcháin an Bhallstáit chónaithe, nó an clár daonra má léirítear incháilitheacht chun vótáil ann;

(8) Ciallaíonn 'dáta tagartha' an lá nó na laethanta nach mór do shaoránaigh den Aontas. faoi dhlí an Bhallstáit chónaithe, na ceanglais chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát sin a shásamh;

(9) ciallaíonn 'dearbhú foirmiúil' dearbhú ón duine lena mbaineann, lena mbeadh an duine sin faoi dhliteanas pionós i gcás míchruinnis ann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

*Airteagal 3*

*⌦ Coinníollacha lena rialaítear an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ⌫*

~~Maidir le haon duine ar an dáta tagartha:~~ ⌦ Beidh na daoine seo a leanas i dteideal vótáil nó seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa sa Bhallstát cónaithe, ach amháin má tá na cearta sin bainte dó nó di de bhun Airteagal 6 agus 7: ⌫

(a) ⌦ an duine ar ⌫ saoránach de chuid Aontas é ⌦ ar an dáta tagartha ⌫ de réir bhrí ~~an dara fomhír d'~~ Airteagal ~~8~~ ⌦ 20 ⌫ (1) ~~den Chonradh~~ ⌦ CFAE ⌫ ;

(b) ⌦ an duine ⌫ nach náisiúnach de chuid an Bhallstáit chónaithe é ⌦ ar an dáta tagartha ⌫, ach a shásaíonn na coinníollacha céanna i leith an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir de réir mar a chuireann an Ballstát an dlí i bhfeidhm maidir lena náisiúnaigh féin,

~~beidh an ceart aige chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Bhallstát cónaithe, ach amháin má tá na cearta sin bainte dó nó di de bhun Airteagal 6 agus 7.~~

Más rud é, chun seasamh mar iarrthóir, nach mór go mbeadh náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe ina náisiúnaigh ar feadh íostréimhse áirithe sa Bhallstát cónaithe, measfar go gcomhlíonann saoránaigh den Aontas an coinníoll seo nuair is náisiúnaigh Bhallstáit don tréimhse chéanna iad.

*Airteagal 4*

*⌦ Toirmeasc ar vótáil níos mó ná uair amháin nó ar sheasamh mar iarrthóir i níos mó na Ballstát amháin ⌫*

1. Déanfaidh vótálaithe ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a gcearta chun vótáil a fheidhmiú sa Bhallstát cónaithe nó ina mBallstát baile. Ní fhéadfaidh aon duine vóta a chaitheamh níos mó ná uair amháin sa toghchán céanna.

2. Ní fhéadfaidh aon duine seasamh mar iarrthóir i níos mó ná Ballstát amháin sa toghchán céanna.

*Airteagal 5*

⌦ *Ceanglais chónaithe* ⌫

Más rud é, chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóirí, nach mór do náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe íostréimhse áirithe a bheith caite acu mar chónaitheoir i dtoghlimistéar an Bhallstáit sin, measfar an coinníoll sin a bheith comhlíonta ag vótálaithe ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ agus ~~náisiúnaigh~~ ~~Comhphobail~~ ⌦ saoránaigh den Aontas ⌫ atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí má bhí gnáthchónaí orthu i mBallstáit eile ar feadh tréimhse choibhéiseach. Beidh feidhm ag an bhforáil seo gan dochar d'aon choinníoll sonrach a bhaineann le tréimhse cónaithe i dtoghlach nó i ndúiche ar leith.

*Airteagal 6*

⌦ *Neamh-incháilitheacht* ⌫

---

🡻 2013/1/AE Airteagal 1.1(a) (oiriúnaithe)

1. ~~aon~~ ~~saoránach~~ ⌦ Saoránaigh ⌫ de chuid an Aontais a bhfuil cónaí ~~air~~ ⌦ orthu ⌫ i mBallstát nach náisiúnach de ~~é~~ ⌦ iad ⌫, agus a ndearnadh, trí chinneadh breithiúnach aonair nó trí chinneadh riaracháin aonair, ar choinníoll gur féidir an cinneadh riaracháin a bheith faoi réir ag leigheasanna breithiúnacha, a ~~cheart~~ ⌦ gceart ⌫ chun seasamh mar iarrthóir faoi dhlí an Bhallstáit chónaithe nó faoi dhlí ~~a~~ ⌦ an ⌫ Bhallstáit bhaile a bhaint ~~de~~ ⌦ díobh ⌫,cuirfear bac orthu an ceart sin a fheidhmiú sa Bhallstát cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

---

🡻 2013/1/AE Airteagal 1.1(b)

2. Maidir le saoránaigh den Aontas a chuir a mian in iúl a gceart chun vótáil a fheidhmiú ann, féadfaidh an Ballstát cónaithe a sheiceáil ar baineadh nó nár baineadh a gceart chun vótáil ann díobh sa Bhallstát cónaithe trí chinneadh breithiúnach aonair nó trí chinneadh riaracháin aonair, ar choinníoll gur féidir an cinneadh riaracháin a bheith faoi réir ag leigheasanna breithiúnacha.

---

🡻 2013/1/AE Airteagal 1.1(c)

3. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo, tabharfaidh an Ballstát cónaithe fógra don Bhallstát baile maidir leis an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 10 (1). Chuige sin, an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil ón mBallstát baile, cuirfear ar fáil í ar bhealach ar bith is iomchuí laistigh de chúig lá oibre ón dáta a fhaightear an fógra nó, i gcás inar féidir, laistigh de theorainn ama níos giorra, má iarrann an Ballstát cónaithe sin. Ní fhéadfar ach sonraí a bhfuil dianghá leo chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme a áireamh agus is chun na críche sin amháin a fhéadfar iad a úsáid.

Mura bhfaigheann an Ballstát cónaithe an fhaisnéis sin laistigh den teorainn ama, ligfear isteach an t-iarrthóir mar sin féin.

4. Má dhéanann an fhaisnéis a soláthraíodh inneachar an dearbhaithe neamhbhailí, déanfaidh an Ballstát cónaithe, is cuma cé acu a fhaigheann sé an fhaisnéis laistigh den teorainn ama nó níos déanaí, gach beart iomchuí i gcomhréir lena dhlí náisiúnta chun cosc a chur ar an duine lena mbaineann seasamh mar iarrthóir nó i gcás nach féidir, chun cosc a chur ar an duine sin a bheith tofa nó an sainordú a fheidhmiú.

5. Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála chun an fhaisnéis is gá chun mír 3 a chur i bhfeidhm a fháil agus a tharchur. Cuirfidh siad ainm agus sonraí teagmhála an phointe teagmhála in iúl don Choimisiún chomh maith le haon fhaisnéis nuashonraithe nó athruithe a bhaineann léi. Coinneoidh an Coimisiún liosta de na pointí teagmhála go léir agus cuirfidh sé an liosta sin ar fáil do na Ballstáit.

---

| |
|---|
| 🡻 93/109/CE (oiriúnaithe) |
| ⇨ nua |

*Airteagal 7*

*⌦ Dícháiliú ó vótáil ⌫*

1. Maidir le saoránaigh an Aontais a chuir a mian in iúl a gceart chun vótáil a fheidhmiú ann, féadfaidh an Ballstát cónaithe a sheiceáil ar baineadh nó nár baineadh a gceart chun vótáil ann díobh sa Bhallstát cónaithe trí chinneadh aonair den dlí sibhialta nó den dlí coiriúil.

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát cónaithe fógra a thabhairt don Bhallstát baile maidir leis an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 9 (2). Chuige sin, déanfar an fhaisnéis ábhartha agus atá ar fáil de ghnáth ón mBallstát baile a sholáthar in am trátha agus ar bhealach iomchuí; ní fhéadfar ach sonraí a bhfuil dianghá leo chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme a áireamh agus chun na críche sin amháin a fhéadfar iad a úsáid. Má dhéanann an fhaisnéis a soláthraíodh inneachar an dearbhaithe neamhbhailí, déanfaidh an Ballstát cónaithe gach beart iomchuí chun cosc a chur ar an duine vóta a chaitheamh.

3. Féadfaidh an Ballstát baile, in am trátha agus ar bhealach iomchuí, aon fhaisnéis a bhfuil dianghá léi chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, a chur faoi bhráid an Bhallstáit chónaithe.

*Airteagal 8*

*⌦ An tsaoirse chun vótáil sa Bhallstát cónaithe ⌫*

1. ~~Déanann vótálaí Comhphobail~~ ⌦ Feidhmeoidh vótálaithe Aontais ⌫ a ~~cheart~~ ⌦ gceart ⌫ chun vótáil ~~a fheidhmiú~~ sa Bhallstát cónaithe má chuir ~~sé~~ ⌦ siad ⌫ in iúl a mhian chun é sin a dhéanamh.

2. Má tá vótáil éigeantach i bhfeidhm sa Bhallstát cónaithe, beidh ar vótálaithe ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a chuir a mian in iúl ~~déanamh amhlaidh a dtoil ann~~ ⌦ vótáil sa Bhallstát sin ⌫, vóta a chaitheamh.

## CAIBIDIL II

## *FEIDHMIÚ AN CHIRT CHUN VÓTÁLA AGUS AN CHIRT CHUN SEASAMH MAR IARRTHÓIR*

*Airteagal 9*

*⌦ Daoine a chur le rolla na dtoghthóirí agus a bhaint de ⌫*

1. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun vótálaí ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a chuir a mhian in iúl ⌦ bheith cláraithe mar vótálaí ⌫ a chur ar rolla na dtoghthóirí fada go leor roimh lá na vótála.

2. Chun a ⌦ n- ⌫ainm a chur ar rolla na dtoghthóirí, soláthróidh ~~vótálaí Comhphobail~~ ⌦ vótálaithe Aontais ⌫ na doiciméid chéanna is a sholáthródh ~~vótálaí~~ ⌦ vótálaithe ⌫ ar ⌦ náisiúnaigh iad ⌫ ~~náisiúnach é~~.

Soláthróidh ~~sé~~ ⌦ siad ⌫ dearbhú foirmiúil freisin ⇨ i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I ⇦ ~~ina luafar:~~

~~(a) a náisiúntacht agus a sheoladh i dtoghlach an Bhallstáit chónaithe;~~

~~(b) i gcás inarbh infheidhme, an dúiche nó an toghlach ina Bhallstát baile ar a raibh a ainm curtha leis go deireanach, agus~~

~~(c) go bhfeidhmeoidh sé a cheart vótála sa Bhallstát chónaithe, agus sa Bhallstát sin amháin.~~

3. Féadfaidh Ballstát cónaithe na nithe seo a leanas a cheangal ar ⌦ vótálaithe Aontais ⌫ ~~vótálaí Comhphobail~~:

(a) a thabhairt le fios faoi mhír 2 ina ~~dhearbhú~~ ⌦ ndearbhú ⌫ nár baineadh de a ~~cheart~~ ⌦ gceart ⌫ chun vótáil ina ~~Bhallstát~~ ⌦ mBallstát ⌫ baile.

(b) doiciméad bailí aitheantais a sholáthar ; ~~,~~ ~~agus~~

(c) an dáta óna raibh gnáthchónaí ~~air~~ ⌦ orthu ⌫ sa Bhallstát sin nó i mBallstát eile a shonrú.

4. Fanfaidh vótálaithe ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ atá curtha ar rolla na dtoghthóirí ar an rolla sin, faoi réir na gcoinníollacha céanna is a fhanann vótálaithe ar náisiúnaigh iad, go dtí go n-iarrann siad go mbainfear a n-ainmneacha nó go dtí go mbainfear a n-ainmneacha ~~go huathoibríoch~~ toisc nach sásaíonn siad na critéir chun an ceart vótála a fheidhmiú a thuilleadh. ⇨ I gcás ina bhfuil forálacha i bhfeidhm chun fógra a thabhairt do náisiúnaigh gur baineadh iad de rolla na dtoghthóirí, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le vótálaithe Aontais ar an mbealach céanna. ⇦

---

⇩ nua

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 maidir leis an leasú ar fhoirm agus inneachar an teimpléid don dearbhú foirimiúil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

---

🡻 93/109/CE (oiriúnaithe)

⇨ nua

*Airteagal 10*

*⌦ Clárú mar iarrthóir ⌫*

1. Nuair a chuireann ~~Vótálaí comhphobail~~ ⌦ saoránaigh den Aontas ⌫ iarratas chun seasamh mar iarrthóir isteach, soláthróidh ~~sé~~ ⌦ siad ⌫ na doiciméid chéanna is a sholáthródh ~~iarrthóir ar náisiúnach é~~ ⌦ iarrthóirí ar náisiúnaigh iad ⌫. Soláthróidh ~~sé~~ ⌦ siad ⌫ dearbhú foirmiúil freisin ⇨ i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II ⇦ ~~ina luafar:~~

---

🡻 2013/1/AE Airteagal 1.2(a)

~~(a) a náisiúntacht, a dháta agus áit bhreithe, a sheoladh deireanach sa Bhallstát baile agus a sheoladh i dtoghlach an Bhallstáit chónaithe;~~

↓ 93/109/CE

~~(b) nach bhfuil sé ina iarrthóir do thoghchán do Pharlaimint na hEorpa in aon Bhallstát eile;~~

~~(c) i gcás inarbh infheidhme, an dúiche nó an toghlach ina Bhallstát baile ar a raibh a ainm curtha leis go deireanach, agus~~

↓ 2013/1/AE Airteagal 1.2(b)

~~(d) nár baineadh an ceart chun seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát baile de trí chinneadh breithiúnach aonair nó trí chinneadh riaracháin aonair, ar choinníoll gur féidir an cinneadh riaracháin a bheith faoi réir ag leigheasanna breithiúnacha.~~

↓ 93/109/CE (oiriúnaithe)

2 ~~3~~. Féadfaidh an Ballstát cónaithe a éileamh ar ~~náisiúnach Comhphobail~~ ⌦ shaoránaigh den Aontas ⌫ atá i dteideal bheith ina ~~iarrthóir~~ ⌦ n-iarrthóirí ⌫ doiciméad bailí aitheantais a sholáthar. Féadfaidh sé a éileamh ~~air~~ ⌦ orthu ⌫ chomh maith an dáta óna raibh ~~sé~~ ⌦ siad ⌫ ina ~~náisiúnach~~ ⌦ náisiúnaigh ⌫ de chuid Ballstáit a chur in iúl.

⇩ nua

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 maidir leis an leasú ar fhoirm agus inneachar an teimpléid don dearbhú foirmiúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

↓ 93/109/CE (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 11*

*⌦ Cinneadh maidir le clárú agus leigheasanna dlí ⌫*

1. Cuirfidh an Ballstát cónaithe ~~an duine~~ ⌦ na daoine ⌫ lena mbaineann ar an eolas ⇨ in am trátha agus i dteanga ghlan shoiléir ⇦ faoin ~~ngníomhaíocht~~ ⇨ gcinneadh ⇦ a glacadh maidir lena ~~iarratas~~ ⌦ n-iarratas ⌫ go gcuirfí ar rolla na dtoghthóirí ~~é~~ ⌦ iad ⌫ nó faoin gcinneadh i leith inghlacthacht a ~~iarratais~~ ⌦ n-iarratais ⌫ maidir le seasamh mar iarrthóir.

2. Má dhiúltaítear ~~duine~~ ⌦ saoránaigh den Aontas ⌫ a chur ar rolla na dtoghthóirí nó má dhiúltaítear ~~iarratas duine~~ ⌦ a n-iarratas ⌫ seasamh mar iarrthóir, beidh ~~an duine~~ ⌦ na daoine ⌫ lena mbaineann i dteideal cearta in-fhorfheidhmithe ar na téarmaí céanna lena bhforordaítear i reachtaíocht an Bhallstát cónaithe do vótálaithe agus do dhaoine i dteideal bheith ina n-iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

⇩ nua

3. I gcás earráidí i rollaí na dtoghthóirí nó i liostaí na n-iarrthóirí do Pharlaimint na hEorpa, beidh an duine lena mbaineann i dteideal cearta in-fhorfheidhmithe ar théarmaí a bheidh comhchosúil lena bhforordaítear i ndlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine i atá dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

4. Cuirfidh na Ballstáit an duine lena mbaineann ar an eolas go soiléir agus go tráthúil faoin gcinneadh dá dtagraítear i mír 1 agus faoi na leigheasanna dlí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.

---

🡻 93/109/CE (oiriúnaithe)

*Airteagal 12*

⌦ *Faisnéis a sholáthar* ⌫

~~Déanfaidh an Ballstát cónaithe vótálaithe Comhphobail agus náisiúnaigh Chomhphobail atá i dteideal bheith ina n-iarrthóirí a chur ar an eolas in am trátha agus ar bhealach iomchuí faoi na coinníollacha agus na socruithe mionsonraithe chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú agus bheith ina n-iarrthóirí i dtoghcháin sa Bhallstát sin.~~

---

⇩ nua

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás náisiúnta a bheidh freagrach as na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirtear saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar an eolas go tráthúil faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis ainmnithe de bhun mhír 1 an fhaisnéis seo a leanas in iúl go díreach agus ar bhonn aonair do vótálaithe Aontais agus náisiúnaigh de chuid an Aontais atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí:

(a) stádas a gcláraithe;

(b) dáta an toghcháin agus conas vótáil agus cén áit;

(c) na rialacha ábhartha maidir le cearta na vótálaithe agus na n-iarrthóirí agus na hoibleagáidí lena n-áirítear toirmisc agus neamh-chomhoiriúnachtaí agus smachtbhannaí as rialacha toghcháin a shárú, go háirithe na rialacha a bhaineann leis an ilvótáil;

(d) conas tuilleadh faisnéise a fháil maidir le heagrú an toghcháin lena n-áirítear liosta na n-iarrthóirí.

3. An fhaisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, cuirfear ar fáil í i dteanga ghlan shoiléir.

An fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear in iúl í i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, agus chomh maith leis sin beidh aistriúchán ag gabháil leis i gceann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu ar a chríoch is féidir

uirthi, i gcomhréir le ceanglais cháilíochta Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] .

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta trí bhealaí, modhanna agus formáidí cumarsáide iomchuí a úsáid.

---

| |
|---|
| ➔ 93/109/CE (oiriúnaithe) |
| ⇨ nua |

*Airteagal 13*

*⌦ Sásra malartaithe faisnéise ⌫*

1. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun Airteagal 4 a chur chun feidhme a mhalartú ⇨ , in am trátha roimh an lá vótála ⇦ . Chuige sin, ~~ar bhonn an dearbhaithe fhoirmiúil dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 10,~~ ⇨ tosóidh ⇦ an Ballstát cónaithe ag soláthar ~~faisnéise maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit bhaile a cuireadh le rollaí na dtoghthóirí nó atá ag seasamh mar iarrthóirí~~ na faisnéise a sholáthraítear in Iarscríbhinn III don Bhallstát baile ⇨ tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis an chéad lá den tréimhse thoghcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Ghníomh a bhaineann le toghadh fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach ⇦ ~~fada go leor roimh lá na vótála~~. Déanfaidh an Ballstát baile, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, bearta iomchuí chun a áirithiú nach gcaithfidh náisiúnaigh dá chuid vóta níos mó ná uair amháin ná seasamh mar iarrthóirí i níos mó ná Ballstát amháin.

---

| |
|---|
| ⇩ nua |

2. Áiritheoidh an Ballstát baile nach gcuirfidh na bearta dá dtagraítear i mír 1 cosc ar a chuid náisiúnach vótáil nó seasamh mar iarrthóirí i gcineálacha eile toghcháin.

3. Cuirfidh an Coimisiún uirlis shlán ar fáil lena gcuideofar leis na Ballstáit an tacar faisnéise dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a mhalartú chun críocha mhír 1 den Airteagal seo. Leis an uirlis sin beidh na Ballstáit chónaithe in ann an fhaisnéis sin a chur ar fáil i bhfoirm chriptithe do gach Ballstát baile ar chuir a chuid saoránach dearbhuithe foirmiúla dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 10 ar fáil.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 maidir leis an leasú ar an tacar faisnéise dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na freagrachtaí agus na hoibleagáidí maidir le hoibriú na huirlise sláine a leagtar amach i mír 3 a shainmhíniú, i gcomhréir le ceanglais Chaibidil IV de Rialachán (AE) 2016/679. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 19.

---

[30] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

*Airteagal 14*

*Bealaí sonracha vótála*

Ballstáit a dhéanann foráil maidir le féidearthachtaí na réamhvótála, na vótála poist agus na vótála leictreonaí agus idirlín, i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, áireoidh na Ballstáit sin go mbeidh na modhanna vótála sin ar fáil faoi choinníollacha a bheidh comhchosúil leis na coinníollacha is infheidhme maidir lena gcuid náisiúnach féin.

*Airteagal 15*

*Faireachán*

Ainmneoidh na Ballstáit údarás a bheidh freagrach as na sonraí staidrimh ábhartha a bhailiú agus a chur ar fáil don phobal agus don Choimisiún, sonraí maidir le rannpháirtíocht shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

---

🡻 93/109/CE (oiriúnaithe)

## CAIBIDIL III

## *MAOLUITHE AGUS BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA*

*Airteagal 16 ~~14~~*

⌦ *Maoluithe* ⌫

1. Más rud é ~~, an1 Eanáir 1993,~~ go dtéann an cion de shaoránaigh den Aontas i mBallstát ar leith in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad thar 20 % den líon iomlán de shaoránaigh den Aontas ⌦ idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh ⌫ in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann, féadfaidh an Ballstát, de mhaolú ar Airteagal 3, ar Airteagal 9 agus ar Airteagal 10:

(a) an ceart chun vótáil a theorannú do vótálaithe ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 5 bliana;

(b) an ceart chun seasamh mar iarrthóir a theorannú do ~~náisiúnaigh Comhphobail~~ ⌦ shaoránaigh den Aontas ⌫ atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí, a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse nach bhféadfaidh a bheith níos faide ná 10 mbliana.

Tá na forálacha seo gan dochar do bhearta iomchuí a fhéadfaidh an Ballstát ~~seo~~ ⌦ sin ⌫ a dhéanamh maidir le comhdhéanamh liostaí na n-iarrthóirí agus a bhfuil sé mar aidhm acu, go háirithe, comhtháthú shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a spreagadh.

Ní bheidh vótálaithe ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ ná ~~náisiúnaigh Chomhphobail~~ ⌦ saoránaigh den Aontas ⌫, áfach, i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhrí go bhfuil siad tar éis dul chun cónaithe lasmuigh dá mBallstát baile nó de bharr thréimhse an chónaithe sin, nach bhfuil an ceart chun vótáil ná chun seasamh mar iarrthóirí sa Bhallstát baile sin acu, faoi réir na gcoinníollacha maidir le tréimhse chónaithe a leagtar amach.

2. Más rud é~~,~~ ~~an 1 Feabhra 1994,~~ go bhforordaítear le dlíthe Ballstáit go bhfuil an ceart chun vótáil do pharlaimint náisiúnta an Stáit sin ag náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu ann ach gur as Ballstát eile iad, agus chun na críche sin féadfar iad a chur ar rolla thoghthóirí an Stáit sin faoi réir na gcoinníollacha céanna le vótálaithe náisiúnta, féadfaidh an chéad Bhallstát, de mhaolú ar an Treoir seo, staonadh ó Airteagail 6 go 13 a chur i bhfeidhm i leith na náisiúnach sin.

3. ~~Faoin 31 Nollaig 1997 agus~~ 18 mí ~~ina dhiaidh sin~~ roimh gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an Coimisiún tuairisc faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina seiceálfaidh sé an bhfuil gá fós le maolú de bhun Airteagal ~~8b~~ ⌦ 22 ⌫ (2) ~~den Chonradh CE~~ ⌦ CFAE ⌫ a thabhairt do na Ballstáit agus molfaidh sé go ndéanfaí aon choigeartú is gá.

Tabharfaidh na Ballstáit a agraíonn maoluithe faoi mhír 1 gach faisnéis chúlra atá riachtanach don Choimisiún.

*~~Airteagal 15~~*

~~Maidir leis an gceathrú toghchán díreach do Pharlaimint na hEorpa, beidh feidhm ag na forálacha speisialta seo a leanas:~~

~~(a) ní bheidh saoránaigh den Aontas a raibh an ceart chun vótáil acu an 15 Feabhra 1994 sa Bhallstát cónaithe agus a bhfuil a n-ainmneacha curtha le rolla na dtoghthóirí sa Bhallstát cónaithe faoi réir na bhfoirmiúlachtaí a leagtar síos in Airteagal 9;~~

~~(b) Déanfaidh na Ballstáit ina bhfuil rollaí na dtoghthóirí tugtha chun críche iontu roimh an 15 Feabhra 1994 na bearta iomchuí chun a chumasú do vótálaithe Comhphobail, ar mian leo a gcearta chun vótáil a fheidhmiú, a n-ainmneacha a chur le rolla na dtoghthóirí fada go leor roimh lá na vótála.~~

~~(c) Féadfaidh na Ballstáit nach dtarraingíonn suas rollaí toghthóirí sonracha ach a léiríonn incháilitheacht chun vótáil sa chlár daonra agus sa chás nach bhfuil vótáil éigeantach an córas seo a chur i bhfeidhm ar vótálaithe Comhphobail atá ar an rolla sin agus tar éis iad a chur ar an eolas go leithleach maidir lena gcearta, nár nocht siad a dtoil a gcearta chun vótáil a fheidhmiú ina mBallstát baile. Cuirfidh siad ar aghaidh an doiciméad a thaispeánann an rún arna chur in iúl ag na vótálaithe sin a vóta a chaitheamh sa Bhallstát cónaithe sa Bhallstát baile;~~

~~(d) Féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil an nós imeachta inmheánach i gcomhair ainmniú iarrthóirí le haghaidh páirtithe agus grúpaí polaitíochta á rialú ag an dlí foráil a dhéanamh maidir le haon nósanna imeachta den sórt sin, i gcomhréir leis an dlí sin, a oscalaíodh roimh an 1 Feabhra 1994 agus maidir le cinntí arna nglacadh faoin gcreat sin, go leanfaidh siad de bheith sin, bailí~~

## CAIBIDIL IV

## *FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*

*Airteagal 17 ~~16~~*

*⌦ Tuairisciú ⌫*

---

⇩ nua

1. Laistigh de 6 mhí tar éis gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa seolfaidh na Ballstáit faisnéis chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ina gcríoch. De bhreis ar bharúlacha ginearálta, beidh sonraí staidrimh sa tuarascáil ar rannpháirtíocht vótálaithe agus shaoránaigh den Aontas i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí agus achoimre de na bearta a glacadh chun tacú leis.

🡻 93/109/CE (oiriúnaithe)

⇨ nua

⇨ 2. Laistigh de bhliain tar éis gach toghchán do Pharlaimint na hEorpa, ⇦ ~~D~~ d éanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ~~faoin 31 Nollaig 1995~~ maidir le feidhm na Treorach seo ~~i leith na dtoghchán i Mí an Mheithimh do Pharlaimint na hEorpa~~. ~~Ar bhonn na tuarascála sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, forálacha a ghlacadh lena leasaítear an Treoir seo.~~

⇩ nua

*Airteagal 18*

*Meastóireacht*

Laistigh de 2 bhliain tar éis toghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a chur i bhfeidhm agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí atá ann a bhaint amach. Áireofar leis an meastóireacht freisin athbhreithniú ar fheidhmiú Airteagal 13.

*Airteagal 19*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 20*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 9, 10 agus 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

3. Féadfaidh an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 9, 10 agus 13 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 9, 10 agus 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh sí aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh na Comhairle.

---

| |
|---|
| 🡻 93/109/CE (oiriúnaithe) |
| ⇨ nua |

*Airteagal 21 ~~17~~*

⌦ *Trasuí* ⌫

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun ~~an Treoir seo~~ ⇨ Airteagail 9(2) agus (4), 10(1), 11(1), (3) agus (4), 12, 13(1), (2) agus (3), 14, 15, 17 agus Iarscríbhinní I, II agus III ⇦ a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh ⌦agus a fhoilsiú⌫ ⇨ faoin 31 Bealtaine 2023 ⇦. Cuirfidh siad ⌦ téacs na bhforálacha sin ⌫ ~~láithreach~~ in iúl don Choimisiún láithreach.

---

| |
|---|
| ⇩ nua |

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 31 Bealtaine 2023.

---

| |
|---|
| 🡻 93/109/CE (oiriúnaithe) |

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. ⌦ Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. ⌫ Is iad na Ballstáit a ~~leagfaidh síos na modhanna le tagairt den sórt sin a dhéanamh~~ ⌦ chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach ⌫.

⌦ 2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún. ⌫

⌦ *Airteagal 22* ⌫

⌦ Aisghairm ⌫

⌦ Aisghairtear Treoir 93/109/CE, arna leasú leis an Treoir a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn I, le héifeacht ón 31 Bealtaine 2023, gan dochar d’oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn IV a thrasuí sa dlí náisiúnta. ⌫

⌦ Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn V. ⌫

*Airteagal 23 ~~18~~*

⌦ *Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm* ⌫

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an ⌦ fichiú ⌫ lá ⌦ tar éis lá ⌫ a foilsithe in *Iris Oifigiúil an* ⌦ *Aontais* ⌫ ~~*na gComhphobal*~~ *Eorpaigh* .

⌦ Beidh feidhm ag Airteagail 1 go 8, 9(1) agus (3), 10(2) agus 11(2) ón 31 Bealtaine 2023. ⌫

*Airteagal 24 ~~19~~*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*